

# Mo Chearta Cosanta Sonraí



An Coimisiún um  
Chosaint Sonraí  
Data Protection  
Commission

# Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí:

## Cén fáth a bhfuil cearta cosanta sonraí tábhachtach?

Tá roinnt cearta againn ar fad maidir lenár sonraí pearsanta. Tá na cearta céanna ag daoine fásta agus ag leanaí, agus baineann na cearta sin leis an domhan ceart agus an domhan ar líne araon.

Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat céard iad do chearta cosanta sonraí mar go gcabhróidh sé seo leat smacht a bheith agat ar do shonraí pearsanta agus cabhróidh sé leat a fheiceáil freisin mura bhfuil cuideachtaí ag caitheamh go cothrom le do shonraí.

### Cé atá i gceannas ar mo chearta cosanta sonraí?

Is féidir leat do chearta a “fheidhmiú”, i bhfocail eile, do chearta a “úsáid” tú féin, ag aois ar bith má tá sé soiléir go dtuigeann tú do chearta agus gurb é an rud is fearr duitse ná ligean duit iad a úsáid agus nach ndéanann sé aon dochar duit.

Is mó seans go mbeidh a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí ag teastáil ó leanaí óga chun aire a thabhairt dá gcuid sonraí agus dá shine a fhaigheann tú, is ea is mó seans go mbainfidh tú úsáid as do chearta tú féin. Ach díreach mar gheall go bhfuil tú i gceannas ar do shonraí pearsanta, ní chiallaíonn sé sin nach féidir leat cúnaimh a iarraidh ar do thuismitheoirí. Go deimhin, d’fhéadfadh go mbeadh roinnt cásanna ann in arbh fhearr iarraidh ar do thuismitheoir nó ar do chaomhnóir cabhrú leat do chearta cosanta sonraí a úsáid.

Mar shampla, b’fhéidir go mbeadh cuntas coigiltis oscailte ag do thuismitheoirí i d’ainm ionas gur féidir leo roinnt airgid a chur ar leataobh duit nuair a bheidh tú níos sine. Mar shealbhóir an chuntais, is féidir leat ar ndóigh a iarraidh ar an mbanc do chuid sonraí a thabhairt duit. Mar sin féin, d’fhéadfadh roinnt den eolas sin a bheith an-teicniúil agus deacair a thuiscint.

Sa chás sin, is smaoineamh maith é a iarraidh ar do thuismitheoir nó ar do chaomhnóir nó ar dhuine fásta a bhfuil muintín agat astu cabhrú leat an t-iarraitas seo a dhéanamh, chun a chinntiú go dtuigeann tú gach rud go hiomlán agus gur féidir leat labhairt le duine éigin faoi.

### Cén cearta cosanta sonraí atá agam?

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: [www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí](http://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí)

# Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí:

## Bí ar an eolas faoi cad atá ag tarlú le do shonraí

Tá sé de cheart agat fios a bheith agat cad atá ag tarlú le do shonraí agus cén fáth. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé de cheart agat bheith ar an eolas nuair atá do chuid sonraí pearsanta á mbailiú ag duine eile. Tugtar “**an ceart chun eolas a fháil**” air seo. Tá an ceart a bheith curtha ar an eolas ar cheann de na cearta cosanta sonraí is tábhachtaí mar nach féidir leat do shonraí a rialú mura bhfuil a fhios agat cé aige a bhfuil siad nó céard atá á dhéanamh acu leo.

Tá rudaí áirithe ann **nach mór** d’eagraíocht a insint duit aon uair a bhailíonn siad do chuid sonraí. Mar shampla, caithfidh siad a insint duit **cé hiad féin, céard go díreach atá á dhéanamh acu le do chuid sonraí agus cén fáth, cá fhad a choinneoidh siad do chuid sonraí**, agus caithfidh siad a insint duit freisin **céard iad do chearta cosanta sonraí agus cén chaoi ar féidir leat teagmháil a dhéanamh** leo más mian leat do chearta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm.

Deir an dlí go gcaithfidh eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil an t-eolas seo an-shoiléir agus éasca do leanaí a thuiscint. Caithfidh sé a bheith éasca do leanaí an t-eolas seo a fháil freisin. Is smaoineamh maith é freisin iarraidh ar do thuismitheoirí cabhrú leat iad a léamh ar fhaitíos go mbeadh ceisteanna ar bith agat.

### **Cá bhfaighidh mé an t-eolas seo?**

De ghnáth, cuireann eagraíochtaí an t-eolas seo ar fad i gcáipéis ar a dtugtar **polasaí príobháideachta** agus is féidir iad sin a fháil ar a suíomh gréasáin de ghnáth. Úsáideann ardáin agus aipeanna meán sóisialta rudaí amhail **fógraí aníos** chun an t-eolas seo a mheabhú duit ag amanna éagsúla, mar shampla d’fhéadfadh roinnt eolais faoi cad atá ag tarlú le do shonraí teacht aníos ar do scáileán má dhéanann tú athruithe ar shocruithe do chuntais nó má tá tú díreach ar tí grianghraf nó físeán a phostáil.

### **Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an stuif seo a léamh?**

Bheadh an-fhonn ort svaidhpeáil thar na bhfógraí seo mar gur mian leat leanúint ort ag bunú do phróifíle, ag comhrá le do chairde nó ag postáil do grianghraif. Agus ní chabhraíonn sé go mbíonn polasaithe príobháideachta an-fhada go minic agus nach mbíonn mórán spraoi le baint as iad a léamh. Ach is smaoineamh maith duit dul i dtaithe ar bhreathnú orthu mar go mbíonn go leor eolais thábhachtach iontu ar cheart duit a bheith ar an eolas faoi.

### **Cén cearta cosanta sonraí atá agam?**

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: [www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí](http://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí)

# Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí: Cóip de do chuid sonraí a fháil

Tá sé de cheart agat cóip a fháil d'aon eolas atá ag eagraíocht fút. Tugtar an ceart rochtana air seo

## **Céard a dhéanfaidh mé má theastaíonn cóip uaim de na sonraí atá ag cuideachtaí na meán sóisialta fúm?**

Is gnách go mbíonn uirlis “rochtain ar mo chuid sonraí” nó “íoslódáil mo chuid sonraí” ag aipeanna meán sóisialta sa leathanach socruithe cuntais a ligeann duit é seo a dhéanamh go tapa agus go héasca. Mar sin féin, tá sé de cheart agat cóip de do chuid sonraí a iarraidh go díreach, mar shampla trí ríomhphost a sheoladh chuig an eagraíocht nó trí ghlaoch a chur ar a ndeasc chabhrach. Is é an rud is tábhachtaí ná go gcaithfidh siad é a dhéanamh ÉASCA duit do chuid sonraí a iarraidh.

## **An bhfuil aon srian ar cad is féidir liom a fháil?**

Uaireanta bíonn rialacha áirithe a bhféadfadh leo bac a chur ar eagraíocht cóip iomlán de do chuid sonraí a thabhairt duit. Cúis amháin leis seo ná **go mbaineann sonraí go minic le níos mó ná duine amháin**. Smaoinigh mar shampla ar ghrianghraif grúpa nó teachtaireachtaí mheandracha idir tú féin agus do chairde ar na meáin sóisialta. Má iarrann tú sonraí a bhaineann le daoine eile, beidh ar an eagraíocht smaoineamh go cúramach faoi cad atá cothrom do gach duine, agus seans go mbeidh orthu roinnt rudaí a choinneáil siar. Ach caithfidh said fós freagra a thabhairt duit agus a oiread sonraí agus is féidir leo a thabairt duit!

## **An bhfuil aon fhocail speisialta is gá dom a úsáid chun m'iarratas ar rochtain a dhéanamh?**

Ní gá duit aon dlíthe a lua ná aon fhocail speisialta a úsáid agus tú ag iarraidh do shonraí. Ní gá ach go mbeadh sé soiléir go bhfuil tú ag iarraidh cóip de do chuid sonraí.

Nuair a bheidh d'iarratas déanta agat, caithfidh an cuideachta freagra a thabhairt ort laistigh de mhí amháin. Mura gcloiseann tú aon rud laistigh de mhí amháin, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC).

Tá sé de cheart agat freisin **do shonraí a aistriú ó cuideachta amháin go ceann eile**. Tugtar **an ceart chun iniomparthacht sonraí** ar seo. D'fhéadfá an ceart seo a úsáid má tá tú ag athrú soláthraithe ríomhphoist agus gur mian leat do theagmhálacha ar fad a chóipeáil anonn. Tá sé tábhachtach a nótáil go bhfuil roinnt rialacha ann maidir le cén uair is féidir leat an ceart seo a úsáid, agus b'fhéidir nach bhféadfaí é a dhéanamh i gcónaí, ach is féidir leat comhairle a iarraidh ar an eagraíocht nó ar an DPC i gcónaí mura bhfuil tú cinnte.

## **Cén cearta cosanta sonraí atá agam?**

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: [www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí](http://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí)

# Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí: Do shonraí a scriosadh

Tugtar an ceart go ndéanfaí léirscriosadh ar seo. D'fhéadfadh go mbeidh tábhacht ar leith leis an gceart seo nuair atá a gcuid sonraí pearsanta curtha ar fáil ag duine faoi 18 do chuideachta ar líne cosúil le hardán meán sóisialta ach ansin athraíonn siad a n-intinn níos déanaí agus go dteastaíonn uathu anois go scriosfaidh an ardán meán sóisialta a chuntas. Mar sin, tá cosaint speisialta ag leanaí ar an mbealach seo.

Tá sé tábhachtach a choinneáil ar intinn cé go bhfuil iarrtha agat ar ardán meán sóisialta píosa de do shonraí a scriosadh, ar nós grianghraf a phostáil tú, ní chiallaíonn sé seo go scriosfar an grianghraf ar fhóin gach duine a bhfuil an grianghraf sábháilte acu nó a thóg seat scáileáin de. Mar sin, déan cinnte go smaoiníodh tú sula bpostálfaidh tú rud ar bith.

## **An gciallaíonn sé seo gur féidir liom iallach a chur ar dhuine ar bith mo chuid sonraí ar fad a scriosadh pé uair is mian liom?**

Ní chiallaíonn, mar beidh roinnt cásanna ann nach féidir leat do chearta cosanta sonraí a úsáid. Tá go leor samplaí ann ón saol laethúil inar gá d'eagraíocht do chuid sonraí pearsanta a choinneáil, cibé an aontaíonn tú leo nó nach n-aontaíonn. Mar shampla, caithfidh do scoil eolas áirithe a choinneáil fút, mar shampla d'ainm, an áit ina bhfuil tú i do chónaí agus cé hiad do thuismitheoirí. Ní féidir leat iallach a chur orthu an t-eolas seo a scriosadh mar caithfidh an scoil a bheith ar an eolas faoi na rudaí seo.

Níl sé de cheart agat ach do chuid sonraí a scriosadh i gcásanna áirithe. Mar shampla, má dúirt tú le heagraíocht go bhféadfaidís do chuid sonraí a úsáid ach go bhfuil tú tar éis d'intinn a athrú anois, nó má bhailigh an eagraíocht do chuid sonraí pearsanta gan cúis mhaith ar an gcéad dul síos, de ghnáth bíonn an ceart agat go scriosfaí iad mas mian leat.

## **Botúin i do shonraí a cheartú**

Chomh maith le do chuid sonraí a scriosadh, tá sé de cheart agat freisin a iarraidh ar eagraíochtaí iad a dheisiú nó a nuashonrú má cheapann tú go bhfuil botún iontu nó go bhfuil rud éigin in easnamh iontu nó go bhfuil siad as dáta. Tugtar an ceart chun ceartúcháin air seo. D'fhéadfá an ceart seo a úsáid má d'athraigh tú uimhreacha fóin agus gur mian leat go dtabharfadh do chlub spóirt an t-eolas seo chun dáta ionas nach gcaillfidh tú amach ar aon teachtaireachtaí tábhachtacha faoi chluichí nó thraenáil.

## **Cén cearta cosanta sonraí atá agam?**

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: [www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí](http://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí)

# Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí: Diúltú do dhaoine eile ag úsáid do shonraí

Tugtar an ceart chun agóid a dhéanamh ar seo. Ciallaíonn sé seo go bunúsach go bhfuil sé de cheart agat a rá le heagraíocht nach n-aontaíonn tú go mbainfidís úsáid as do chuid sonraí agus a iarraidh orthu stopadh. Tá uaireanta áirithe inar féidir leat an ceart seo a úsáid agus nach féidir leat é a úsáid. Mar shampla, má tá do chuid sonraí pearsanta á n-úsáid ag cuideachta chun eolas a sheoladh chugat trí ríomhphost nó tríd an bpost faoi tháirgí atá siad ag iarraidh a dhíol leat, is féidir leat a rá leo stopadh aon uair is mian leat.

## **Ní thuigim. Más rud é nach bhfuil mé ag iarraidh ar eagraíocht úsáid a bhaint as mo chuid sonraí, caithfidh siad stopadh, nach gcaithfidh?**

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach dteastaíonn do chead ó gach eagraíocht chun do chuid sonraí a úsáid. Tá dualgas ar roinnt eagraíochtaí cuid de do chuid sonraí a choinneáil, amhail an rialtas. D'fhéadfadh cúis an-mhaith a bheith ag eagraíochtaí eile, chun do chuid sonraí a úsáid gan do chead a iarraidh i roinnt cúinsí. Sampla de seo ná na ceamaraí CCTV ag d'ionad siopadóireachta áitiúil. Ní gá don ionad siopadóireachta cead a iarraidh ar chuairoteoirí taifead a dhéanamh orthu trí CCTV mar go bhfuil gá leis na ceamaraí chun cosc a chur le rudaí ar nós coireacht agus chun custaiméirí agus baill foirne a choinneáil sábháilte. Maidir le leanaí, ní mór d'eagraíochtaí a bheith an-chúramach agus a chinntiú nach ndéanann an chúis atá acu le sonraí pearsanta a úsáid díobháil ar bith do leanaí.

## **Diúltú do chinntí tábhachtacha a dhéanamh ag ríomhairí amháin**

Tarlaíonn cinntí a dhéantar ag ríomhaire amháin chomh minic sin nuair a théann muid ar líne gur ar éigean a thugann muid faoi deara iad. Mar shampla, is toradh é an t-ábhar a fheiceann muid nuair a bhíonn muid ag scrollú trí fhothaí meán sóisialta, nó na fógraí a fheiceann muid nuair a osclaíonn muid leathanach gréasáin nua, ar chinntí a dhéantar ag ríomhaire bunaithe ar ár sonraí pearsanta.

## **Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?**

Mar go ndeir an dlí cosanta sonraí go gcaithfidh fíor-dhaoine a bheith páirteach in aon chinntí tábhachtacha a dhéantar bunaithe ar do shonraí pearsanta. Samplaí de chinntí tábhachtacha is ea iarratas ar iasacht ó bhanc, iarratas ar phost nó iarratas ollscoile. Má tá imní ort go bhfuil cinneadh tábhachtach déanta ag eagraíocht fút ag baint úsáide as ríomhairí amháin gan aon duine a bheith páirteach, tá sé de cheart agat go míneofaí an cinneadh sin duit, go bhféadfaidh tú ceisteanna a chur faoin chinneadh agus go nglacfaidh duine daonna páirt sa chinneadh a dhéanamh. Mura bhfuil tú sásta go fóill, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an DPC.

## **Cén chaoi ar féidir liom gearán a dhéanamh leis an DPC?**

Is é an bealach is fearr chun gearán a dhéanamh leis an DPC ná an fhoirm ghréasáin "Ardaigh ceist leis an gCoimisiún", a bhfaighidh tú ar ár suíomh gréasáin, a chomhlánú. Déanfaidh ball den DPC teagmháil leat ansin maidir le do ghearán. Is féidir leat glaoch a chur freisin ar cheann dár línte cabhrach nó do ghearán a sheoladh chugainn tríd an bpost más fearr leat. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi le teagmháil a dhéanamh linn ar ár suíomh gréasáin ag: <https://www.dataprotection.ie/ga/contact/teagmhail-dheanamh-linn>

## **Cén cearta cosanta sonraí atá agam?**

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: [www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí](http://www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí)

